



**Dáta:** 18/05/2018

**Ciorclán Uimhir:** 0033/2018

**Chuig Príomhoidí agus Boird Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal agus Scoileanna Speisialta agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Siollabas Gnó – Ardeistiméireacht  
Socruithe leasaithe don uasdhátú ar reachtaíocht**

Tá siollabas Gnó na hArdeistiméireachta i bhfeidhm ó 1997. Nuair a tugadh isteach na Dréacht Threoirlínte do Ghnó na hArdeistiméireachta cuireadh fáil ar liosta den reachtaíocht ábhartha. Bhí sé luaite sna dréacht threoirlínte freisin go ndéanfaí an liosta reachtaíochta a uasdhátú le ciorcláin de réir mar a bheadh gá leis sin, agus tharla a leithéid ar roinnt ócáidí ó shin i leith. Tarlaíonn, áfach, ó tugadh isteach an siollabas go bhfuil méadú tagtha ar luas agus ar chastacht na n-athruithe reachtaíochta. Mar thoradh air sin bíonn an liosta reachtaíochta ábhartha as dáta go tapa.

Tugann an Ciorclán seo fógra foirmiúil nach ndéanfar uasdhátuithe a eisiúint a thuilleadh maidir le hathruithe ábhartha sa reachtaíocht. Nuair a cuirtear athruithe nó leasuithe reachtaíochta i bhfeidhm a bhaineann le torthaí an tsiollabais ábhartha, is ar an múinteoir a bheidh an fhreagracht a dheimhniú go mbíonn an t-eolas ag na hiarrthóirí maidir leis na forbairtí is déanaí, mar bhonn eolais don fhoghlaim agus chun a dheimhniú go bhfaigheann daltaí taithí ar eolas de réir mar a bhaineann sé le cleachtas reatha an ghnó.

Chun dul i ngleic leis seo, caithfidh múinteoirí a dheimhniú go mbíonn daltaí ar an eolas mar is cuí maidir leis an reachtaíocht ábhartha nuair a bhíonn torthaí an tsiollabais á chomhlánú acu.

Leanfar leis an reachtaíocht a scrúdú sa scrúdú stáit. Beidh ar dhaltaí eolas agus tuiscint a léiriú sa scrúdú ar an reachtaíocht is déanaí agus is ábhartha agus a bhfoghlaim a chur i bhfeidhm ar chomhthéacsanna comónta agus neamhchomónta a chuirfear i láthair sa scrúdú. Ó 2020 ar aghaidh beidh ar dhaltaí tagairt don reachtaíocht agus d'institiúidí reatha ábhartha sna freagraí a thugann siad sna scrúduithe. D'fhéadfadh daltaí marcanna a chailliúint sa scrúdú má thagraíonn siad do reachtaíocht agus d'institiúidí a bhíonn as dáta.

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM/NCCA), agus í ag tacú leis an athrú seo, tar éis na Treoirlínte Siollabais Uasdhátuithe: Reachtaíocht sa Siollabas Gnó a sholáthar, ar fáil ag <https://curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Business?lang=ga-ie>. Cuireann na treoirlínte nuashonraithe seo an reachtaíocht a bhaineann faoi láthair ar fáil agus luaitear arís an cas mar atá mínithe thuas, i.e. nach n-eiseofar ciorcláin eile agus gur chóir do mhúinteoirí a gcleachtas a uasdhátú maidir leis seo nuair a tharlaíonn athruithe nua sa reachtaíocht. Nuair a bhíonn an reachtaíocht ábhartha tar éis athrú sa dá bhliain díreach roimh an scrúdú, déanfar na ceistanna a fhrámú ar bhealach inar féidir le hiarrthóirí plé leo ar bhonn is sine nó is nua, gan pianós.

Tá na naisc seo a leanas á sholáthar ar bhonn eolais:

1. Tomhaltóir  
[www.ccpc.ie](http://www.ccpc.ie)  
[www.citizeninformation.ie](http://www.citizeninformation.ie)
2. Caidrimh Oibreachais agus Fostaíocht  
[www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)  
[www.citizeninformation.ie](http://www.citizeninformation.ie)
3. Cosaint Sonraí  
[www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie)  
[www.citizeninformation.ie](http://www.citizeninformation.ie)
4. Foirmiú Cuideachta Príomháideach  
[www.cro.ie/Registration/Company](http://www.cro.ie/Registration/Company)  
[www.citizeninformation.ie](http://www.citizeninformation.ie)

Iarrtar ort aird na múinteoirí Gnó Ardteistimeireachta a dhíriú ar an gclár seo. Is féidir an clár seo a rochtain ag [www.education.ie](http://www.education.ie).

**Eamonn Moran,**  
**Príomhoifigeach,**  
**An tAonad um Pholasáí Curaclaim agus Measúnaithe**

